Suirgheach mé le mac Donnchaidh
[O’Conor Don, 356b]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Suirgeach mé lé mac Donnchuidh
serc fhiledh fhóid ríoghChobhthoigh
sáoirbhengán tar chách ro-m char
áoinlendán gnáth lé ngabhthar.
2 Branán náoidhedh criche Cuirc
cáor mhíanuigh mhaicne Geruilt
gnúis réghlan is rogha lem
togha érlamh na hÉirenn.
3 Beithir bheóghdha mac Míledh
mír crúaidh ris nár coimhshínedh
gníomh doiligh[r] díbheógan[r] dían
fíochleóghan mhoidhe Maicníadh.
4 Sgíath chosnaimh a ccriche féin
seabhac íodhlannach aigmhéil
nachar chlechttoil ghníomh ngrod[s]
is díoth nerttfuil námhod.
5 Mac Donnchaidh rén suirgeach sinn
a-tá annsacht um inntinn
gúais an toirrches do thecht ríom
a sherc a bfoilches agom.
6 A mesg cháigh do ch[a](u)r sinne
eó baillgheal bruigh ghlaisLine
da dreich sháoirfhinn tugus toil
sáoilim go rugus roghoin.
7 Ní d[’fh]onn máoinedh na mían cruidh
rec uaim ré mac Meic Carrthaig
do thoghus é as a fhine
an ré sholus shéimhide.
8 Le ró toile dhó féin féin
tugus gradh da gnúis soilléir
an tshlat bhaschorr go ngné ghil
nír charsom é acht dar-íribh.
9 Ríoghruidh ordruic innsi Fáil
da mesoinn uile d’énlaimh
áondamh ré(idh) bráonbhrogha Bhregh
m’áonrogha (é) tar gach áoinfer.
10 Córuide dhamh anmhuin air
dámhna riogh fhréimhe Carthaigh
bas armtha fa cclaoinid cuill
sáoilim go n-anfa oruinn.
11 Gnúis náoidhe rén doiligh dámh
do gabh meisi mac Siubhán
mo-chen fer dán seisi sin
do geabh meisi ós da mháoidhemh.
12 Nír mór gur mháoite damh-sa [357a]

go ttug aghuidh oram-sa
gruaidh fhaoillidh na ttennál tte
lennán gach áoinfhir oile.
13 Da ccardáois é cenn a ccenn
filidh úaisle fhóid Éireann
rí an chuire lé ndiúltur dréim
ní dhiultfadh duine dhíbh-séin.
14 Mac Mhé[ig] Carrthaigh nár chláon breth
carfad(h) é tar gach áoinneach
níamh cuir tar choimhéd annsa
lé bfuil d'oiréd oram-sa.
15 Na léig is ní leigfe me
an dáil-si fesda a bhfúaire
a grúaidh dherg as díol suirge
na bíodh cealg 'nar cconnailbhe.
16 Da mbeinn da chengal choídhche
mo dháil re dhreich mhiocharrdha$^{r}$
ní feirde mé a ndubhradh dhi
muna cconnmhadh sé ar suirghe. Suirgeach...
17 Ré cois doilge na ccoigh ccnedh
fada dhamh í ré háireamh
go mbeire ó chóir h'óighre (s)inn
ar ccoimhghe ar an Óigh aitchim.